Scannal na nGardaí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scannal na nGardaí. Sula bhféachann tú ar an tuairisc áfach, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail seo?

Garda Commissioner
whistle-blower(s)
behaviour
disgusting
demanding
referring to
a meeting of the Public Accounts Committee
Easter
new authority
extra powers
to oversee, to supervise
inquiry
penalty points

Ceist 2 Agus na focail thuas as Gaeilge agaibh anois, an féidir libh buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar na míre? Féachaigí ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Cén teideal atá ag na daoine seo a leanas agus cad a bhí le rá acu faoin scéal?

An duine	**An teideal**	**Cad a bhí le rá?**
Enda Kenny		
Martin Callinan		
Eamon Gilmore		
Pat Rabbitte		
Joe Costello		
James Reilly		
John Downing		

Ceist 4 '…go gcuideodh sé…'

1. Cén aimsir atá i gceist leis an sampla thuas?
2. Bain úsáid as na briathra seo chun na deirí cuí a bhaineann leis an aimsir chéanna a chur in iúl:

Cuir	Glac	Réitigh	Bunaigh

3. Cum cúig abairt a bhfuil 'dá mbeadh' mar thús acu.

Ceist 5 '…seisear airí rialtais…'

Cuir an leagan ceart den ainmfhocal atá idir lúibíní, sna spásanna tar éis na n-uimhreacha:

triúr (ceoltóir) _____
sé (buidéal)(déag) _____
beirt (bean) _____
seachtó (ríomhaire) _____
ceithre (bliain) _____
cúig (cóta)(déag) _____
céad (míle) _____
cúigiú (urlár) _____
seisear (deirfiúr) _____
trí (gluaisteán) _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad a cheapann tú faoi rialtas na hÉireann faoi láthair?
2. Cad a cheapann tú faoi pholaiteoirí, go ginearálta?
3. Ar cheart go mbeadh gunnaí ag na Gardaí Síochána, dar leat? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

Garda Commissioner	*Coimisinéir na nGardaí*
whistle-blower(s)	*sceithire/sceithirí*
behaviour	*iompar*
disgusting	*déistineach*
demanding	*ag éileamh*
referring to	*ag tagairt do*
a meeting of the Public Accounts Committee	*cruinniú an Choiste um Chuntais Phoiblí*
Easter	*An Cháisc*
new authority	*údarás nua*
extra powers	*cumhachtaí breise*
to oversee, to supervise	*maoirseacht a dhéanamh ar*
inquiry	*fiosrúchán*
penalty points	*pointí pionóis*

Ceist 2
Iarr orthu buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar na míre sula bhféachann siad uirthi.

Ceist 3

An duine	**An teideal**	**Cad a bhí le rá?**
Enda Kenny	An Taoiseach	Go bpléifear cás Martin Callinan ag cruinniú na comh-aireachta sa Dáil amárach.
Martin Callinan	Coimisinéir na nGardaí	Deir sé nach ag tagairt do na Gardaí féin a bhí sé, nuair a labhair sé ag cruinniú an Choiste um Chuntais Phoiblí, ach go raibh déistin air nach raibh sceithirí ag baint úsáide as an bpróiseas cuí le heolas a sceitheadh.
Eamon Gilmore	An Tánaiste	Go bhfuil an Lucht Oibre ag súil go dtarraingeoidh an Coimisinéir siar a ráiteas faoi iompar na nGardaí; agus go gcuideoidh sé dá dtarraingeodh Alan Shatter an méid a dúirt sé faoi Maurice McCabe siar, chomh maith.
Pat Rabbitte	An tAire Cumarsáide	Go bhfuil an Lucht Oibre ag súil go dtarraingeoidh an Coimisinéir siar a ráiteas faoi iompar na nGardaí.
Joe Costello	Aire Stáit, Páirtí an Lucht Oibre	Go mbeadh sé níos fearr dá dtiocfadh le Martin Callinan an focal *déistineach* a d'úsáid sé i leith na sceithirí, a tharraingt siar.
James Reilly	An tAire Sláinte	Nach mbeadh sé ag caint faoin scéal roimh chruinniú an rialtais.
John Downing	Iriseoir	Nach bhfuil deireadh leis an scéal go fóill, go bhfuil trí thuarascáil eile le teacht, agus go bhfuil caint faoi údarás nua sna Gardaí ina measc. Dá thúisce is ea is fearr an t-údarás nua sin, de réir Pháirtí an Lucht Oibre.

Ceist 4

1. An Modh Coinníollach.
2. Féach:

Cuir	Glac	Réitigh	Bunaigh
chuirfinn	ghlacfainn	réiteoinn	bhunóinn
chuirfeá	ghlacfá	réiteofá	bhunófá
chuirfeadh sé/sí	ghlacfadh sé/sí	réiteodh sé/sí	bhunódh sé/sí
chuirfimis	ghlacfaimis	réiteoimis	bhunóimis
chuirfeadh sibh	ghlacfadh sibh	réiteodh sibh	bhunódh sibh
chuirfidís	ghlacfaidís	réiteoidís	bhunóidís
An gcuirfeadh sé?	An nglacfadh sí?	An réiteodh sé?	An mbunódh sí?
Chuirfeadh	Ghlacfadh	Réiteodh	Bhunódh
Ní chuirfeadh	Ní ghlacfadh	Ní réiteodh	Ní bhunódh sé

3. Bíodh abairtí ar nós na habairte seo ag na foghlaimeoirí: *Dá mbeadh an aimsir níos fearr in Éirinn ní rachainn ar laethanta saoire thar lear gach bliain.*

Ceist 5

triúr ceoltóirí
sé bhuidéal déag
beirt bhan
seachtó ríomhaire
ceithre bliana
cúig chóta dhéag
céad míle
cúigiú hurlár
seisear deirfiúracha
trí ghluaisteán

Ceist 6

Is féidir leis na daltaí an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eibhlín Ní Choistealbha
Dúirt an Taoiseach, Enda Kenny, inniu go bpléifear ag cruinniú rialtais an lae amárach, ar cheart do Choimisinéir na nGardaí, Martin Callinan, a leithscéal a ghabháil faoin méid a dúirt sé faoi na sceithirí Gardaí. Dúirt an Tánaiste, Eamon Gilmore, agus an tAire Cumarsáide, Pat Rabbitte, go bhfuil Páirtí an Lucht Oibre ag súil go dtarraingeoidh an Coimisinéir siar an ráiteas a dhein[1] sé faoi iompar na nGardaí a bheith déistineach.

Irene Ní Nualláin
Tá seisear airí rialtais anois ag éileamh ar Choimisinéir na nGardaí, Martin Callinan, an méid a dúirt sé faoin mbeirt sceithirí Gardaí a tharraingt siar. I ráiteas ón gCoimisinéir, deir sé nach ag tagairt do na Gardaí féin a bhí sé, nuair a labhair sé ag cruinniú (an) Choiste um Chuntais Phoiblí, ach go raibh déistin air nach raibh sceithirí[2] ag baint úsáide as an bpróiseas cuí le heolas a sceitheadh.

Joe Costello, TD, Aire Stáit, Páirtí an Lucht Oibre
Bheadh sé i bhfad níos fearr dá mbeadh sé in ann an focal sin a d'úsáid sé, a d'úsáid[3] Martin Callinan, Coimisinéir na nGardaí, is é sin an focal *disgusting*, i dtaobh na sceithirí Gardaí, é a tharraingt siar. Agus é a dhéanamh anois.

James Reilly, TD, An tAire Sláinte
Dúirt mé cheana féin go mbeidh mé ag caint mar gheall air seo amárach ag cruinniú na comh-aireachta[4]. Aon rud atá le rá agam, beidh mé a rá ansin.

John Downing, Irish Independent
Leanfaidh an drochscéal ar aghaidh mar tá trí thuarascáil[5] eile le teacht, péire acu thart ar an Cháisc. Is chuige sin go bhfuil caint faoi údarás nua le cumhachtaí breise chun maoirseacht a dhéanamh ar an Gharda Síochána, agus tá an Lucht Oibre ag éileamh go ndéanfar é sin níos luaithe…chomh luath agus is féidir.

Irene Ní Nualláin
Dúirt an Tánaiste, Eamon Gilmore, go gcuideodh sé le cúrsaí dá mbeadh an tAire Dlí agus Cirt, Alan Shatter, sásta an méid a bhí le rá aige siúd faoi Sháirsint Maurice McCabe a tharraingt siar. Is é sin, nach raibh an Sáirsint McCabe sásta comhoibriú le fiosrúchán na nGardaí faoi na pointí pionóis. Pléifear an scéal ag cruinniú rialtais amárach. Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.

[1] *a rinne sé* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[2] *sceitheadóirí* a deirtear - an leagan malartach den fhocal *sceithirí*
[3] *a úsáid* a deirtear
[4] *comh-aireachas* a deirtear
[5] *tuarascáil* a deirtear